Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2025
(OR. en)

9416/25

LIMITE

ACP 33
WTO 48
RELEX 657
COAFR 110
FDI 14

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht an Chósta Eabhair le haghaidh comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú |

**CINNEADH (AE) 2025/ … ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht an Chósta Eabhair le haghaidh comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú le Poblacht an Chósta Eabhair a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú le Poblacht an Chósta Eabhair.

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Déanfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigeán Ciúin. Beidh baint ag an gCoiste um an mBeartas Trádála leis an méid sin.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*